# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# ARDTEISTIMÉIREACHT

# SIOLLABAS LÉANN CLASAICEACH

## LÉANN CLASAICEACH

### Cúrsaí nGnáthleibhéil agus Ardleibhéil

Is í aidhm ghinearálta na gcúrsaí seo ná leanúint de aidhmeanna Chúrsa na Meánteistiméireachta ag leibhéal is cuí do riachtanais daltaí sinsearacha iarbhunoideachais. Moltar do mhúinteoirí a n-aire a dhíriú ar an réamhrá a ghabhann leis an gCúrsa Meánteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Ba chóir leabharlann do na Clasaicí a chur le chéile diaidh ar ndiaidh, le linn úsáid a bhaint san am céanna oiread agus is féidir é as acmhainní na leabharlanna áitiúla.

Is féidir meamram ina bhfuil nótaí breise faoi ionramháil na dtopaicí sa siollabas, chomh maith le leabharliostaí et al., a fháil ón Roinn Oideachais, Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí, Churaclaim agus Mheasúnachta, Bloc 2 (Bunúrlár) Sráid Maoilbhríde, , Baile Átha Cliath 1.

Is í an topaic an bun-aonad i ngach cúrsa. Dírítear aird na múinteoirí ar an gCúrsa Meánteistiméireachta, Roinn III: Nótaí mar threoir do mhúinteoirí, 1 áit a dtugtar treoir faoi ionramháil na dtopaicí.

Leagtar síos deich dtopaicí atá i gcoiteann ag an dá chúrsa mar ábhar dualgais don scrúdú. Tá na topaicí sin eagraithe ina dtrí grúpaí mar a leanas:-

| | |
|---|---|
| Grúpa I: | Topaicí (1-4); |
| Grúpa II: | Topaicí (5-7); |
| Grúpa III: | Topaicí (8-10); |

Ní mór do iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi *cheithre* topaicí sa scrúdú, agus topaic amháin ar a laghad a ghlacadh as gach grúpa ar leith.

### LIOSTA NA DTOPAICÍ

**Grúpa I:**
**Topaic 1.** An Aithin i mbun Cogaíochta.
**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil: The Peloponesian War (Tiúicídidéas).**

**Penguin Classics**, na ranna seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Leabhar 1: | Caibidlí 1-23; 31-55; 66-68; 139-146. |
| Leabhar 2: | Caibidlí 1-27; 31; 34-65; 70-78 |
| Leabhar 3: | Caibidlí 1-28; 36-50; 52-68 |
| Leabhar 4: | Caibidlí 2-23; 26-41; 78-101; 117-118. |
| Leabhar 5: | Caibidlí 2-26; 43; 63-75; 84-116. |
| Leabhar 6: | Caibidlí 6; 8-32; 42-53; 60-73; 88-93; 96-104. |
| Leabhar 7: | Caibidlí 1-8; 10-19; 21-25; 27-28; 36-56; 59-87. |

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin iad seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Leabhar 8: | Caibidlí 1-2; 37; 47-49; 53-54; 65-77; 81-86; 89-97; 104-106. |

Is í príomhaidhm na topaice seo ná cúrsa an Chogaidh Pheilipinéisigh a scrúdú agus tuiscint a fháil ar a thonchar ar shochaí agus ar pholaitiocht na hAithne de réir mar atá cur síos déanta ag Tiúicídidéas orthu. Nithe a tharla sa chogadh sin a chuaigh go mór i bhfeidhm ar shaol na cathrach e.g. an Phlá agus an tSluaíocht chun na Sicile, ba chóir béim speisilata a leagan orthu. Ba chóir aird a thabhairt go speisialta ar Thiúicididéas mar staraí.

**Topaic 2:** Alastar Mór.

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil:** The Campaigns of Alexander (Arrian), Penguin Classics.

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil:** Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin Beatha Alastair, mar a fhaightear sin in The Age of Alexander (Plútarc), Penguin Classics.

Is í príomhaidhm na topaice seo ná staidéar a dhéanamh ar charachtar agus ar ghnóthachtálacha Alastair de réir mar a léiritear iad ag a chuid beathaisnéisithe. Beifear ag súil chomh maith le tuiscint éigin orthu seo a leanas: teagmhálacha roimh an ré sin idir an Ghréig agus Impireacht na Peirse; nádúr speisialta na sochaí sa Mhacadóin; gléas cogaidh na Macadóine; iarmhairt impireacht Alastair ar an Mhacadóin ina dhiaidh sin.

**Topai 3:** An Saol agus cúrsaí Smaointeoireachta i nDéanaí na Poblachta Rómhánaí.

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil**: (i) Fall of the Roman Republic (Plútarc), Penguin Classics (beatha Phoimpéis, Chaesar, agus Chiceаró amháin); (ii) Latin Literature, An Anthology (arna chur in eagar ag Michael Grant), Penguin Classics, na ranna seo a leanas: *Ciceаró* (an díolaim ar fad), *Catullus*, na dánta seo a leanas: Love and Harsh Words; Evening with Licinius; The Effects of Love; Consolation; The Same; At a Brother's Grave; Wine; Happiness; To Cicero; Love and Hatred; A Prayer; Attis in Exile; *Caesar* (ann díolaim ar fad), *Sallast* (an díolaim ar fad).

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin Lactor 7, 'Roman Politics,', le fáil ó L.A.C.T. Publications, 19b Roxborough Park, Harrow, Middlesex HAI 3BA, England.

Is í príomhaidhm na topaice seo ná staidéar a dhéanamh ar an atmaisfear i gcúrsaí litríochta, intleachta agus polaitíochta i nDéanaí na Poblachta mar a fheictear sin i bhfoinsí scríofa na tréimhse sin.

**Topaic 4**. Na Staraithe Rómhánacha

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil**. (i) The Annals of Imperial Rome (Tacatas), Penguin Classics, leathanaigh 31 go 227 (i.e. réimeas Agustais agus Thibeirias); (ii) The Twelve Caesars (Séatóinias), Penguin Classics (beatha Agustais agus Thibéirias amháin).

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin (i) an chuid eile atá fágtha de Annals of Imperial Rome (Tacatas); beatha Chlaudius agus Néaró in The Twelve Caesars (Séatóinias); (iii) Lactor 8, "Inscriptions of the Roman Empire, A.D. 14-117," (Uimhreacha 7 go 48 amháin), le fáil ó L.A.C.T. Publications (féach an seoladh faoi Thopaic 3).

Is í príomhaidhm na topaice seo ná tuiscint a fháil faoin phrionsáideacht luath trí scrúdú a dhéanamh ar dhá eochairfhoinse sheanda stairiúla agus comparáid a dhéanamh eatarthu sin. Ba chóir staidéar cúramach a dhéanamh ar charachtair na n-impirí éagsúla de réir mar a léirítear iad sna foinsí. Ba chóir staidéar a dhéanamh ar Lactor 8 maidir leis an fhianaise ó inscríbhinní agus an fhianaise neamhliteartha atá le fáil ann faoi réimis na n-impirí a bhfuil scrúdú le déanamh orthu.

**Grúpa II:**

**Topaic 5.** An Drámaíocht Ghréagach.

**Abhar Dualgais Gnáthleibhéil**: (i) King Oedipus (Sofaicléas), Penguin Classics; (ii) Medea (Eoiripidéas), Penguin Classics.

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin iad seo a leanas: (i) Prometheus Bound (Aescailéas), Penguin Classics; (iii) The Frogs (Arastafainéas), Penguin Classics.

Is í príomhaidhm na topaice seo ná léirthuiscint a fháil faoinar bhain na mordhrámadóirí Gréagacha amach. Ní hiarrtar mioneolas ar na drámaí. Beifear ag súil le heolas éigin orthu seo a leanas: léirthuiscint ar na drámaí ina gcomhthéacs ársa, mar atá a bhfeidhmm i sochaí na hAithne; páirt an fhile i saol an hAithne; mar ar bhraith na húdair thraigéide ar mhiotaseolaíocht agus ar fhinscéalta na Gréige; na coinníollacha faoinar cuireadh na drámaí ar an stáitse; coincheap na nGréagach maidir leis an laoch traigéideach; feidhm an chóir; an deus ex machina; páirt an drámadóra ghrinn sa tsochaí.

**Topaic 6.** An Eipic Ársa.

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil:** (i) The Odyssey (Hómar), Penguin Classics; (ii) The Aeneid (Virgil), Leabhair 1 to 6, Penguin Classics.

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin (i) an chuid eile atá fágtha den Aeinéid; (ii) The Táin (arna aistriú ag Thomas Kinsella), Oxford Paperbacks.

Ag an nGnáthleibhéal is é an Odaisé an t-eochairthéacs don staidéar, agus beifear ag súil le mioneolas ar an scéal agus ar na príomh-charachtair sa scéal. Ba chóir léirthuiscint a bheith ag na hiarrthóirí ar na gnéithe is follasaí de stíl agus de mhódh. Hómair a thagann chugainn tríd an aistriúchán, mar shampla an úsáid a bhaineann sé as an siarpléachadh agus as samhaltacha. Déantar an Aeinéid a léamh go príomha ar mhaithe le cúrsaí comparáide e.g. an chomparáid idir turas. Odaiséis agus turas Aenéis, agus an chontrárthacht idir an dá Ifreann a dtugtar cuntas orthu.

Ag an Ardleibhéal beifear ag súil le mioneolas ar an Odaisé agus an Aenéid araon, chomh maith le bheith inniúil ar chomparáid a dhéanamh idir an dá shaothar. Ba chóir go dtuigfí fad áirithe cad é é struchtúr dá shaothar agus go mbeadh léirthuiscint ag na daltaí ar na socháithe contrártha inar scríobhadh na saothair. Is gá buneolas ar nádúr na heipice príomhúla agus ar an mhódh inar láimhsigh Virgil an cinéal sin scríbhneoireachta. Ba chóir ionramháil a dhéanamh ar na nithe a spreag Virgil chun an Aeiniéid a scríobh. Déantar An Táin a léamh go príomha le haghaidh cúrsaí comparáide, cé go dtarlódh go n-iarrfaí eolas éigin ar an ábhar.

**Topaic 7.** Scríbhneoirí na Tréimhse Águstaí

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil**: Latin Literature, An Anthology (arna chur in eagar ag Michael Grant), Penguin Classics, na díolaimí seo a leanas:- *Virgil* (a) The Eclogues: The Song of Silenus agus the Birth of the Saviour; (b) The Georgics; Orpheus and Euridice, agus A Farmer's Calendar; (c) An Aeinéid; The Underworld, agus Hercules and Cacus. *Horás*; (a) Odes and Epodes: Gather ye Rosebuds, We All Must Die, Cease to Mourn; (b) The Satires and Epistles: The Town Mouse and The Country Mouse, agus The Bore. *Livias:* Livy's Preface, The Sabine Women, Class Warfare. *Propertius:* Two Requests, Susceptibility, Gone to Clitumnus, Cynthia Is Dead, Cynthia, *Oivid;* Baucis and Philemon.

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil**: Mar atá Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin na díolaimí seo a leanas as Latin Literature, An Anthology; *Virgil* The Georgics; Rustic Happiness. *Horás* (a) Odes and Epodes; Enjoy the Present Hour, A Quiet Life, Rustic Joys, The Good Man Fears Nothing, Enjoy Your Possessions While They Are Yours, Ode to Spring; (b) The Satires and Epistles; The Journey to Brundisium. *Livias*: Horatius On The Bridge, The Romans Defeated By Hannibal At Cannae, The Defeat of Hannibal. *Propertius;* Love and Peace, The God of Love. *Óivid* Elegiac Poems; Ovid's Misery in Exile, Myself, Advice to women, The Art of Love, Unfair.

Is í príomhaidhm na topaice seo ná staidéar a dhéanamh ar atmaisféar liteartha, sóisialta agus polaiticiúil na tréimhse Águstaí de réir mar a léiritear sin i scríbhinní priomh-mháistrí na tréimhse sin. Ní hiarrtar mioneolas ar na píosaí dualgais. Beidh gá le héolas éigin ar chúlra staire na tréimshe agus ar thionchar na patrúnachta sa Róimh sa ré sin.

**GRÚPA III:**

**Topaic 8.** An Ealaín agus an Ailtireacht i Saol na nGréagach.

Is é an téacs dualgais don Chúrsa Gnáthleibhéil agus don Chúrsa Ardleibhéil ná A Handbook of Greek Art (G.M.A Richter), Phaidon Paperback.

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil:** Caiblidí 1, 23, 3 (i.e. go leathanach 184).

**Ábhar Dualgais Ardleibhéil:** Caibidlí 1, 2, 3 11 (go dtí leathanach 356 amháin).

Is í aidhm na topaice seo ná tuiscint mhaith a fháil ar ghnéithe áirithe de eiseamláirí ionadacha den Ealaín agus den Ailtireacht Ghréagach, bunaithe ar thuiscint ghínearálta ar theicnící agus ar fhorás na bhfoirmeacha ealaíne a ndearnadh staidéar

orthu. Ba chóir go bhfaighfí léirthuiscint ar pháirt na bhfoirmeacha sin i saol laethúil na ndaoine.

**Topaic 9.** An Fealsamh Sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil.** The Republic (Platón), Penguin Classics, na ranna seo a leannas:

The Introduction (leathanaigh 61 go 66); First Principles of Social Organisation (leathanaigh 116 go 122); Civilized Society (leathanaigh 122 go 125); Qualities Required in The Guardians (Leathanaigh 126 go 128); Secondary or Literary Education (leathanaigh 129 go 149); Musical Reóuirements (leathanaigh 158 go 161); Summary (leathanaigh 161 go 163); Physical Education (leathanaigh 166 go 176); The Three Classes and Their Mutual Relations (leathanaigh 177 go 182); The Rulers' and Auxiliaries' Way of Life (leathanaigh 182 go 187); Final Provisions For Unity (leathanaigh 187 go 195); Justice In The State (leathanaigh 196 go 206); The Status of Women (leathanaigh 225 go 236); The Ideal and the Actual (leathanaigh 260 go 263); The Qualities of Character Required in the Philosopher (leathanaigh 276 go 280); The Simile of the Cave (leathanaigh 317 go 325); Selection and Curriculum (leathanaigh 347 go 355); The Prejudice Against Philosophy (leathanaigh 281 go 292).

**Ábhar Dualgais Ardleibéil:** Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin iad sseo a leanas: (i) Letters (VII) agus (VIII) (Platón), Penguin Classics; (ii) The Life of Dion, le fáil in The Age of Alexander (Plutarc), Penguin Classics.

Is é an Republic an príomhthéacs le haghaidh staidéir ag an dá leibhéal. Is í aidhm na topaice seo scrúdú a dhéanamh ar phríomh-chuspóirí an Stáit dar le Platón.

Is é is cuspóir do na téacsanna le haghaidh staidéir don Ardchúrsa ná staidéar a chur ar fáil faoi fheidhmiú praiticiúil smaointe teoiriciúla Phlatóin i gcathair Syracuse.

**Topaic 10.** Ealain agus Ailtireacht na Rómhánach

**Ábhar Dualgais Gnáthleibhéil**: (i) Roman Art and Architecture (Mortimer Wheeler), Thames and Hudson na leathanaigh seo a leanas: 7 go 24, 89 go 205. (ii) Visual Publications Roman Art Series of filmstrips, with accompanying handbook for teachers. Is iad seo a leanas teidil na stiallscannán sin: (a) City and Temple; (b) Arch and Theatre; (c) Structures; (d) Pompeii; (e) Sculpture, Painting and Mosaic (Le fáil trí Visual Publications, 197 Kensington High Street, London, W8 6BB).

**Ábhar Dualgas Ardleibhéil**: Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil agus de bhreis air sin an chuid eile atá fágtha de Roman Art and Architecture (Mortimer Wheeler), ach amháin Caibidil 6.

Is í aidhm na topaice seo scrúdú a dhéanamh ar bhain na Rómhánaigh amach i gcúrsaí foirgníochta, innealtóireachta, ealaíne, snoídóireachta agus mósaice.